AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.1.2013
COM(2013) 28 final

2013/0028 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 a bhaineann le margadh na seirbhísí intíre iompair do phaisinéirí d’iarnród a oscailt**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

{SWD(2013) 10 final}
{SWD(2013) 11 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Sa Pháipéar Bán ón gCoimisiún 2011 maidir le beartas iompair a glacadh an 28 Márta 2011[1], léiríodh fís an Choimisiúin de Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid áit ina bhféadfadh gnóthais iarnróid Eorpacha seirbhísí a sholáthar gan bacainní teicniúla ná riaracháin nach gá.

Aithnítear in go leor beartas tionscnaimh go bhféadfadh bonneagair iarnróid a bheith mar chrann seasta inbhuanaithe don mhargadh inmheánach agus mar cheann tiomána le haghaidh fáis inbhuanaithe. Leagadh béim i gConclúidí ón gComhairle Eorpach Eanáir 2012 ar an tábhacht a bhaineann le hacmhainneacht fáis Margaidh Aonair a bheadh comhtháite ina iomláine a shaothrú, lena n-áirítear bearta i dtaca le tionscail líonra. Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le beart le haghaidh Cobhsaíochta, Fáis agus Post a glacadh an 30 Bealtaine 2012, leagadh an-bhéim ar an tábhacht a bhaineann leis an ualach rialála agus bacainní iontrála a laghdú tuilleadh san earnáil iarnróid. Sa tslí chéanna, le Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le rialachas an mhargaidh aonair a neartú[2], a glacadh ar an 6 Meitheamh 2012, cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann leis an earnáil iarnróid.

Le deich mbliana anuas, tugadh isteach trí 'phacáiste iarnróid' a raibh sé mar chuspóir acu na margaí náisiúnta a oscailt agus a dhéanamh níos iomaíche agus níos idir-inoibrithí ar leibhéal an AE. Le Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar, a foilsíodh Nollaig 2007, leagadh amach creat i gcomhair conarthaí seirbhíse poiblí, mar a dhámhtar iad agus cúiteamh airgeadais i leith oibleagáidí seirbhíse poiblí ach gan cur chuige coiteann maidir le dámhachtain conarthaí d'iompar paisinéirí d'iarnród. In ainneoin reachtaíocht nua an AE, is beag fós cion módach an iarnróid i dtaca le hiompar laistigh den AE.

### 1.2 Fadhbanna le réiteach

Faoin gcreat dlíthiúil mar atá, measann geallsealbhóirí nach bhfuil soláthar seirbhísí do phaisinéirí d'iarnród ag feidhmiú go sásúil i dtaca le caighdeán seirbhísí agus éifeachtúlacht oibríochtúil. Léirigh 54 % de fhreagróirí ar shuirbhé Eorabharaiméadair 2012 go raibh siad míshásta lena gcóras iarnróid náisiúnta agus réigiúnach. Laistigh de Chlár Scóir an Mhargaidh Tomhaltóirí 2011[3], ar an iomlán bhí 6.7/10 de phaisinéirí traenach sásta, i bhfad níos lú ná mar a bheadh i gcás fhormhór na n-earraí tomhaltais agus seirbhísí. I measc tomhaltóirí faigheann seirbhísí iarnróid scór níos measa ná gach aon mhodh iompair eile (fuair iompar uirbeach agus aerlínte go háirithe scór níos fearr) agus tá siad aicmithe sa 27ú áit as 30 margadh seirbhíse. Tá bearnaí suntasacha san éifeachtúlacht oibríochtúil idir na córais iarnróid is feidhmiúla agus na córais is neamhfheidhmiúla. Léiríonn na bearnaí seo na difríochtaí suntasacha in úsáid sócmhainní mar atá rothra iarnróid agus bonneagar chomh maith le táirgiúlacht oibre. As na bearnaí seo san éifeachtúlacht oibríochtúil tagann gá suntasach le maoiniú poiblí i gcomparáid le hearnálacha eacnamaíocha eile (gan maoiniú bonneagair san áireamh) toisc mórán gnóthas iarnróid a bheith ag cailleadh airgid.

Tá roinnt mhaith bacainní ann ar chaighdeán seirbhíse agus éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú. Ar an gcéad dul síos baineann na bacainní seo le rochtain ar an margadh do sheirbhísí intíre do phaisinéirí agus easpa brú iomaíoch a bheith ann. I mórán Ballstát ní cheadaítear aon chomórtas sa mhargadh seo, ní hamháin mar sin go gcuirtear srian le fás, ach

---

1 Páipéar Bán: Treochlár um Limistéar Iompair Eorpach Aonair – I dtreo córais iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní; COM(2011)144

2 Rialachas níos fearr don Mhargadh Aonair; COIM(2012)259

3 http://ec.europa.eu/consumers/consumer_research/cms_en.htm;

cruthaíonn sé éagothromaíochtaí idir na Ballstáit sin a bhfuil a margaí oscailte acu agus iadsan nach bhfuil. I ngeall ar chur chuige difriúil a bheith ag na náisiúin éagsúla chun an margadh le haghaidh seirbhísí intíre iompair do phaisinéirí d'iarnród a oscailt cuirtear cosc ar fhorbairt Margaidh Inmheánaigh fhírinnigh do sheirbhísí do phaisinéirí d'iarnróid.

Ní sholáthraítear an mórthromlach mór de sheirbhísí intíre do phaisinéirí ar bhonn tráchtála, áfach, agus mar sin is faoi chonarthaí seirbhíse poiblí a sholáthraítear é. Os rud é nach bhfuil aon chomhrialacha AE i bhfeidhm ar dhámhachtain conarthaí den sórt sin, tá roinnt Ballstát tar éis tairiscint iomaíoch i dtaca leis na conarthaí sin a thabhairt isteach, ach i mBallstáit eile dámhtar go díreach iad. Leis an éagsúlacht seo sna córais rialála san AE bíonn sé deacair do na cuideachtaí iarnróid leas a bhaint as an acmhainneacht iomlán a bhaineann le hoibriú i Margadh Inmheánach. Dá bhrí sin, cumhdaítear sa phacáiste reachtach seo ceist an chomórtais i dtaca le conarthaí seirbhíse poiblí, bacainní ar an iomaíocht sin amhail rochtain ar rothra oiriúnach do thairgeoirí a d'fhéadfadh a bheith ag cur isteach ar chonarthaí mar iad, agus rochtain neamh-idirdhealaitheach ar chórais faisnéise agus ar chórais chomhtháite ticéadaithe i gcás ina dtéann siad chun leas an phaisinéara.

1.3 Cuspóirí Ginearálta

Is é príomhchuspóir bheartas iompair an Aontais Eorpaigh ná margadh inmheánach iompair a bhunú ag cur le hardleibhéal iomaíochais agus le forbairt chomhchuí chothromúil inbhuanaithe ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha. Sa Pháipéar Bán maidir le hIompar 2011 sonraítear gur cheart iompar d'iarnród a a bheith i gceist sa chuid is mó den iompar paisinéirí meán-achair a dhéanfar faoi 2050. Chuirfeadh 'an t-aistriú cóir iompair' seo le laghdú 20 % ar astaíochtaí ghás ceaptha teasa dá bhforáiltear i gClár Oibre Eoraip 2020 le haghaidh fáis chliste, inbhuanaithe agus chuimsitheach[4]. Baineadh de thátal sa Pháipéar Bán nach mbeadh aon mhórathrú i gcúrsaí iompair gan tacaíocht ó bhonneagar iarnróid leordhóthaineach agus cur chuige níos cliste i leith a úsáide.

Is é cuspóir foriomlán an togra seo, mar chuid den Cheathrú Pacáiste ná caighdeán seirbhísí do phaisinéirí a fheabhsú agus cur lena n-éifeachtúlacht oibríochtúil agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar iomaíochas agus ar tharraingteacht an iarnróid vis-à-vis móid iompair eile agus tuilleadh forbartha á chur leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid.

1.4 Cuspóirí Sonracha

Cuimsítear sa togra seo na comhrialacha maidir le dámhachtain conarthaí seirbhíse poiblí i dtaca le hiompar paisinéirí d'iarnród chomh maith leis na bearta a ghabhann leis chun cur leis an rath ar nósanna imeachta tairisceana iomaíocha .

Tá sé mar chuspóir ag an tairiscint iomaíoch éigeantach i gcomhair conarthaí seirbhíse poiblí ná an brú iomaíoch ar na margaí iarnróid intíre a threisiú, chun líon na seirbhísí do phaisinéirí a mhéadú agus chun caighdeán na seirbhísí sin a fheabhsú. Trí thairiscint iomaíoch i gcomhair conarthaí iarnróid is féidir luach níos fearr ar an airgead a chaitear ar sheirbhísí iompair poiblí áirithiú. Cuireann comhrialacha i dtaca leis an nós imeachta dámhachtana le dálaí gnó níos aonfhoirmí a chruthú do chuideachtaí iarnróid. Ní mór féachaint ar na moltaí seo i dtaca leis na leasuithe molta sin ar Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lenar bunaíodh limistéar aonair iarnróid Eorpach (athmhúnlú) [5], lena dtugtar isteach cearta oscailte i dtaca le rochtain do ghnóthais iarnróid agus lena neartaítear na forálacha sin maidir le rochtain neamh-idirdhealaitheach ar an mbonneagar iarnróid.

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún: 'EORAIP 2020: Straitéis maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uileghabhálach', COM(2010) 2020.

[5] IO L 343 an 14.12.2012, lch 32

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Ar mhaithe le tacú leis an gCoimisiún i bpróiséas an mheasúnaithe tionchair, fágadh faoi chomhairleoir seachtrach staidéar tacaíochta a ullmhú agus tabhairt faoi chomhairliúchán spriocdhírithe. Tosaíodh ar an staidéar Nollaig 2011 agus seachadadh an tuarascáil deiridh Meán Fómhair 2012.

Baineadh feidhm as réimse leathan modhanna comhairliúcháin spriocdhírithe chun tuairimí geallsealbhóirí a bhailiú. Ón 1 Márta 2012 go dtí an 16 Aibreán 2012 cuireadh ceistneoirí saincheaptha chuig 427 geallsealbhóir bainteach leis an iarnród (gnóthais iarnróid, bainisteoirí bonneagair, aireachtaí iompair phoiblí, údaráis sábháilteachta, aireachtaí, comhlachtaí ionadaíochta, eagraíochtaí oibrithe srl.) . Bailíodh tuairimí na bpaisinéirí trí shuirbhé Eorabharaiméadair a cuireadh chuig 25,000 freagróir a bhí scaipthe go cothrom thar na 25 Ballstát a bhfuil iarnróid acu. Baineadh feidhm as gréasán Choiste na Réigiún chun teacht ar údaráis áitiúla agus réigiúnacha.

Comhlánaíodh na comhairliúcháin trí bhíthin éisteachta geallsealbhóirí ar an 29 Bealtaine 2012 (le tuairim is 85 rannpháirtí) comhdháil (le tuairim is 420 rannpháirtí) an 24 Meán Fómhair 2012 agus trí agallaimh le geallsealbhóirí faoi leith i rith 2012. Bhuail foireann an Choimisiúin le hionadaithe ó Phobal na nIarnród Eorpach (thar ceann na gcuideachtaí iarnróid), Oibreoirí Iompair do Phaisinéirí na hEorpa, Cónaidhm Oibrithe Iompair na hEorpa, Cónaidhm Phaisinéirí na hEorpa, Bainisteoirí Bhonneagar Iarnróid na hEorpa agus an CIIP – an Comhlachas Idirnáisiúnta Iompair Phoiblí). Eagraíodh cruinnithe tiomnaithe le geallsealbhóirí sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Ísiltír, sa Pholainn, sa tSualainn agus sa Ríocht Aontaithe freisin.

D'aontaigh tromlach na bhfreagróirí (60 %) go spreagfaí chomhtháthú an mhargaidh le cearta rochtana oscailte nua breise nó le hiomaíocht éigeantach tairisceana nó le meascán den dá rud. Bhí rochtain oscailte d'iompar intíre paisinéirí d'iarnróid faoi réir scrúdú cóimheá eacnamaíche lena ndéanfaí measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aici ar inmharthanacht conarthaí seirbhíse poiblí ar an rogha ab fhearr leis na freagróirí (55 % de fhreagróirí). Bhí dearcadh an-diúltach i leith na socruithe reatha ( gan ach 20 % ag tacú leo). Tá ionadaithe oibreoirí den tuairim go mbeidh dálaí oibre níos measa agus stailceanna mar thoradh ar aon oscailt ar an margadh le haghaidh seirbhísí intíre iompair do phaisinéirí d'iarnród.

Maidir le tairiscint iomaíoch éigeantach, bhí 45 % d'fhreagróirí i bhfábhar roghanna solúbtha amhail sa nós imeachta idirbheartaíochta i dtaca le soláthar poiblí agus idirthréimhsí chun na conarthaí seirbhíse poiblí ar fad a chur amach ar tairiscint (80 % d'fhreagróirí ).

D'aontaigh tromlach na bhfreagróirí (60 %) gur mhór an chabhair í cuideachtaí léasúcháin rothra a chur ar bun chun rochtain ar rothra a fheabhsú agus bhí mórthromlach (75 %) ag lorg rochtain iomlán ar fhaisnéis theicniúil arna soláthar ag bainisteoir an bhonneagair. Maidir le ticéadú comhtháite, tugadh tús áite d'fhorálacha neamhcheangailteacha nó clásail chumasúcháin i ndáil le comhaontuithe deonacha seachas bearta éigeantacha ar leibhéal an AE nó na mBallstát.

Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um Agallamh Sóisialta Earnálach ar an 26 Márta agus ar an 19 Meitheamh, go háirithe mar gheall ar na roghanna agus ar an measúnú ar a dtionchar sóisialta.

Bunaithe ar an staidéar seachtrach thuasluaite agus ar na conclúidí ón bpróiseas comhairliúcháin ,rinne an Coimisiún measúnú cáilíochtúil agus cainníochtúil ar thionchar na roghanna éagsúla chun an creat rialála atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta.

Ba léir ón measúnú tionchair go n-éireodh níos fearr le teaglaim roghanna mar a leanas ó thaobh tionchair eacnamaíoch, comhshaoil agus shóisialta de chun glanluach láithreach idir EUR 21 billiún agus EUR 29 billiún a ghiniúint ó 2019 go 2035.

– cearta rochtana oscailte ar cearta iad a mbeadh sainmhíniú leathan leo agus a bheadh faoi réir scrúdú ar a dtionchar ar chóimheá eacnamaíoch conarthaí seirbhíse poiblí;
– conarthaí seirbhíse poiblí arna ndámhachtain ar bhonn iomaíoch;
– córais dheonacha náisiúnta chomhtháite ticéadaithe; agus
– oibleagáid ar Bhallstáit rochtain neamh-idirdhealaitheach ar rothra oiriúnach do ghnóthais iarnróid ar mian leo páirt a ghlacadh sa nós imeachta tairisceana poiblí a áirithiú.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

3.1 Sainmhíniú ar údarás áitiúil inniúil (Airteagal 2, pointe c)

Cuireann an leasú seo le deimhneacht dhlíthiúil trína shonrú gurb é atá i gceist le 'húdarás áitiúil inniúil' ná ceirtleáin uirbeacha nó ceantair tuaithe, ní limistéir mhóra de na críocha naisiúnta.

3.2 Sonraíochtaí ar mar a shainíonn údaráis inniúla oibleagáidí seirbhíse poiblí agus an raon feidhme geografach i ndáil le conarthaí seirbhíse poiblí (Airteagal 2, pointe (e) agus Airteagal nua 2a)

Déantar foráil san Airteagal seo maidir le nós imeachta a bheadh solúbtha ach fós a bheadh ar bhonn foirmiúil agus trédhearcach lena bhféadfaí oibleagáidí seirbhíse poiblí agus an raon feidhme geografach i ndáil le conarthaí seirbhíse poiblí a shainiú, má mheasann údaráis inniúla gur gá idirghabháil phoiblí chun leibhéal soghluaisteachta a áirithiú a bheadh inmhianaithe go polaitiúil sa chríoch a dtagann faoina gcúram. Ceanglaítear ar na húdaráis inniúla pleananna iompair phoiblí a bhunú ag sainiú cuspóirí beartas poiblí iompair do phaisinéirí agus patrúin soláthair agus feidhmíochta d'iompar poiblí do phaisinéirí. Ceanglaítear freisin ar na húdaráis inniúla údar maith a thabhairt le cineál agus raon na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhfuil sé i gceist acu a chur i bhfeidhm ar oibreoirí iompair phoiblí agus raon feidhme an chonartha seirbhíse poiblí d'fhonn na cuspóirí atá sainithe sna pleananna iompair phoiblí a bhaint amach. Ní foláir dóibh critéir a chur i bhfeidhm a bheadh bunaithe ar phrionsabail ghinearálta an Chonartha amhail iomchuibheas, riachtanas agus comhréireacht chomh maith le critéir eacnamaíocha amhail éifeachtúlacht costais agus inbhuanaitheacht airgeadais. Leis an Airteagal seo ceanglaítear freisin ar an údarás inniúil a áirithiú go mbeidh comhairliúchán iomchuí leis na páirtithe leasmhara, e.g. eagraíochtaí paisinéirí agus fostaithe agus oibreoirí iompair. Maidir le hiompar d'iarnród, tá gá le comhlachtaí rialála iarnróid neamhspleácha chun athbhreithniú dlithiúil ar an nós imeachta seo a áirthiú. Ina theannta sin, leagtar síos tairseach i gcomhair iompair do phaisinéirí d'iarnród i dtaca le huasmhéid i leith gach conradh seirbhíse poiblí, ar shlí sholúbtha, d'fhonn iomaíocht éifeachtúil a áirithiú agus aird á tabhairt ar thoisí éagsúla agus ar struchtúir riaracháin na margaí paisinéirí d'iarnród sna Ballstáit.

**3.3 Sóláthar faisnéise oibríochtúla, teicniúla agus airgeadais maidir le hiompar poiblí paisinéirí arna chumhdach le conradh seirbhíse poiblí a chuirfear amach ar tairiscint (Airteagal 4(6) agus Airteagal 4(8) nua)**

Leis an bhforáil nua seo in Airteagal 4(8) ní foláir d'údaráis inniúla faisnéis áirithe oibríochtúil, theicniúil agus airgeadais a sholáthar do thairgeoirí a d'fhéadfadh a bheith ag cur isteach ar chonarthaí seirbhíse poiblí chun gur féidir leo tairiscint fheasach a chur isteach rud

a áiritheoidh dá bhrí sin go gcuirfear leis an iomaíocht. Le leasú Airteagail 4(6) soiléirítear nach foláir d'údaráis inniúla a shonrú go soiléir sna doiciméid tairisceana cibé acu a chuireann siad de cheangal ar oibreoirí seirbhíse poiblí caighdeáin shóisialta nó critéir a chomhlíonadh nó nach gcuireann.

**3.4 Uasteorainneacha i gcomhair dámhachtana dírí i gcás conarthaí de mhéid íseal agus i gcás fiontar beag agus meánmhéide (Airteagal 5(4))**

Leis an bhforáil seo tugtar isteach uasteorainneacha sonracha ar luach dhámhachtainí díreacha i gcás conarthaí de mhéid íseal san iompar d'iarnród. Tá na teorainneacha reatha dírithe ar iompar de bhus agus ar mhodhanna iompair eile rianbhunaithe seachas iompar d'iarnród. Leanann an teorainn mholta d'iarnród an loighic a bhaineann le dámhachtain dhíreach a cheadú más rud é gur mó an costas chun an nós imeachta tairisceana a chur le chéile ná na buntáistí lena mbeifí ag súil. Freagraíonn an teorainn chomhfhreagrach ó thaobh ciliméadar-traenach de an meánchostas aonaid chun iompar d'iarnród a sholáthar.

3.5 Dámhachtain iomaíoch éigeantach conarthaí iarnróid (Airteagal 5(6) agus Airteagal 4)

Le scriosadh Airteagal 5(6) cuirtear deireadh leis an deis ag údaráis inniúla an cinneadh a dhéanamh conradh seirbhíse poiblí d'iarnród a dhámhachtain go díreach nó é a dhéanamh bunaithe ar iarratas iomaíoch ar thairiscint. Cuirfear an riail ghinearálta maidir le tairiscint iomaíoch i bhfeidhm maidir leis an iarnród freisin.

3.6 Srianta ar dhámhachtain (Airteagal nua 5(6))

Chun cur leis an iomaíocht tar éis tairiscint iomaíoch do chonarthaí iarnróid a thabhairt isteach, cuireann an fhoráil seo le cumas údarás inniúil a chinneadh go ndámhfar conarthaí d'iompar paisinéirí d'iarnród, a chlúdaíonn cuid den ghréasán céanna nó den phacáiste bealaí, ar ghnóthais iarnróid éagsúla. Chun na críche sin, féadfaidh údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh teorainn a chur le líon na gconarthaí a dhámhfar ar an ngnóthas iarnróid céanna tar éis nós imeachta tairisceana iomaíoch.

3.7 Rochtain ar rothra iarnróid (Airteagal 5a nua agus Airteagal 9a nua)

Agus oibleagáid á cur ar na Ballstáit rochtain éifeachtach agus neamh-idirdhealaitheach ar rothra iarnróid a áirithiú d'oibreoirí ar mian leo seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród a sholáthar téitear i ngleic le mórbhacainn ar iomaíocht éifeachtach do chonarthaí seirbhíse poiblí. Sna Ballstáit sin nach bhfuil aon mhargaí láidre léasúcháin do rothra iarnróid iontu tá sé faoi na húdaráis inniúla na bearta a ghlacadh chun rochtain ar rothra a áirithiú chun an margadh a oscailt. Toisc nach ionann an cás ná na riachtanais ó thír go tír, áfach, leis an bhforáil nua seo tugtar raon feidhme leathan d'údaráis inniúla na bearta is iomchuí a roghnú chun an cuspóir a bhaint amach agus na bearta is mó úsáide san fhoráil á léiriú acu. Saineofar mionsonraí an nós imeachta agus na bearta is gá chun rochtain ar rothra a áirithiú trí ghníomhartha cur chun feidhme atá bunaithe ar an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9a den Rialachán seo.

3.8 Foilsiú faisnéise áirithe i dtaca le conarthaí seirbhíse poiblí (Airteagal 7(1) agus Airteagal 7(2)).

Leis an bhforáil seo cuirtear oibleagáid ar na húdaráis inniúla faisnéis faoin dáta tosaithe agus fad na gconarthaí seirbhísí poiblí a áireamh ina dtuarascálacha bliantúla faoi oibleagáidí seirbhísí poiblí chomh maith leis an bhfaisnéis a chur ina bhfógraí réamhfhaisnéise faoi nósanna imeachta tairisceana mar atá beartaithe. Leis an bhfaisnéis bhreise seo agus leis an oibleagáid atá ar Bhallstáit rochtain ar na tuarascálacha bliantúla arna bhfoilsiú ag údaráis inniúla a fhoilsiú cuirfear le trédhearcacht na gconarthaí seirbhíse poiblí arna ndámhachtain

agus an dóchúlacht go ndámhfar conarthaí nua sa todhchaí agus dá bhrí sin éascófar ullmhúchán na n-oibreoirí iompair i dtaca le nósanna imeachta tairisceana amach anseo.

3.9 Idirthréimhse arna chur i bhfeidhm maidir le tairiscint iomaíoch (Airteagal 8(2))

Leis an bhforáil seo is léir nach mbaineann an idirthréimhse deich mbliana go 2 Nollaig 2019 ach le hAirteagal 5(3) amháin maidir leis an oibleagáid atá curtha ar údaráis inniúla nós imeachta tairisceana iomaíoch a eagrú. Tá na forálacha eile uile in Airteagal 5 infheidhme láithreach (e.g. an rogha dámhachtain dhíreach a dhéanamh ar oibreoir inmheánach, i gcás conartha de mhéid íseal nó mar bheart éigeandála agus athbhreithniú dlíthiúil ar an gcinneadh um dhámhachtain).

3.10 Idirthréimhse do chonarthaí iarnróid arna ndámhachtain go díreach atá ann cheana (Airteagal 8(2a) nua)

Leis an bhforáil seo tugtar isteach idirthréimhse bhreise do chonarthaí seirbhíse poiblí iarnróid arna ndámhachtain go díreach idir 1 Eanáir 2013 agus 2 Nollaig 2019. Féadfaidh na conarthaí sin feidhmiú mar atá go dtí go dtéann siad in éag ach go dtí 31 Nollaig 2022 amháin ar a dhéanaí. Do na gnóthais iarnróid a bhain sochar as an gconradh seirbhíse poiblí a dámhadh go díreach tugann sé seo dóthain ama dóibh iad féin a chur in oiriúint do na nósanna imeachta tairisceana iomaíocha agus ullmhú chucu.

3.11 Bhain na hoiriúnuithe ar fhorálacha Rialacháin (CE) Uimh. 1370/2007 le díolúine maidir le fógra a thabhairt i ndáil le státchabhair agus leis na coinníollacha a bhain le comhoiriúnacht i ndáil le státchabhair faoi réir cheanglais an Chonartha.

Sna dréachtleasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 994/98 (Rialachán Cumasúcháin)[6] ón gCoimisiún, moladh leasú eile freisin ar an Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007, i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 108(4) agus in Airteagal 109 den Chonradh, lena dtabharfar cabhair le haghaidh iompar a chomhordú nó aisíocaíocht as oibleagáidí áirithe a chomhlíonadh, ar ghné dhílis de choincheap na seirbhíse poiblí é, dá dtagraítear in Airteagal 93 den Chonradh faoi réir an Rialacháin Cumasúcháin. Faoi láthair, tá an Coimisiún ag súil le Rialachán blocdhíoluine iarmhartach amach anseo chun an tsubstaint den díolúine atá ann cheana a atáirgeadh, ach ámhain sa mhéid is go leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 leis an togra reachtach seo maidir leis an earnáil iompair.

Togra le haghaidh RIALACHÁIN ón gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 994/98 an 7 Bealtaine 1998 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 92 agus Airteagail 93 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh maidir le catagóirí áirithe státchabhrach cothrománaí agus Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar, COM(2012) 730 final 5.12.2012

6 Togra le haghaidh RIALACHÁIN ón gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 994/98 an 7 Bealtaine 1998 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 92 agus Airteagail 93 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh maidir le catagóirí áirithe státchabhrach cothrománaí agus Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar, COM(2012) 730 final 5.12.2012

2013/0028 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 a bhaineann le margadh na seirbhísí intíre iompair do phaisinéirí d'iarnród a oscailt**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[7],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[8],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le deich mbliana anuas, níor leor an fás ar thrácht paisinéirí d'iarnród chun a chion módach a mhéadú i gcomparáid le gluaisteáin agus le heitlíocht. Níl mórán athraithe tagtha ar an gcion módach 6 % d'iompar paisinéirí atá ag iarnróid san Aontas Eorpach. Níor fhan seirbhísí iarnróid do phaisinéirí ar aon leibhéal leis na riachtanais atá ag teacht chun cinn ó thaobh fála agus cáilíochta de.

(2) Tá margadh an Aontais do sheirbhísí iompair do phaisinéirí idirnáisiúnta oscailte don iomaíocht ó 2010 i leith. Chomh maith leis sin, d'oscail roinnt Ballstát a gcuid seirbhísí paisinéirí intíre don iomaíocht, trí chearta rochtana oscailte a thabhairt isteach nó conarthaí seirbhíse poiblí a chur ar tairiscint, nó an dá rud.

(3) Sa Pháipéar Bán maidir le beartas iompar uaidh an 28 Márta 2011[9], d'fhógair an Coimisiún go raibh sé i gceist aige an margadh inmheánach iarnróid a thabhairt chun críche, trí chead a thabhairt do ghnóthais iarnróid an Aontais seirbhísí iompair iarnróid de gach cineál a sholáthar gan bhacainní teicniúla agus riaracháin nach gá.

(4) Agus a gcuid seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí á n-eagrú ag údaráis inniúla, is gá dóibh a áirithiú go mbeidh oibleagáidí seirbhíse poiblí agus raon feidhme geografach na gconarthaí seirbhíse poiblí oiriúnach, riachtanach agus comhréireach chun cuspóirí an bheartais phoiblí iompair do phaisinéirí a bhaint amach ina gcríoch. Ba cheart an beartas seo a leagan amach i bpleananna iompair phoiblí ina bhfágtar deiseanna ar réitigh iompair mhargadh-bhunaithe. Ba cheart an próiseas faoina ndéantar pleananna

[7] IO C , , lch .
[8] IO C , , lch .
[9] Páipéar Bán: Treochlár um Limistéar Iompair Eorpach Aonair – I dtreo córais iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní; COM(2011)144

iompair phoiblí agus oibleagáidí seirbhíse poiblí a shainiú a bheidh trédhearcach do na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear iad siúd a d'fhéadfadh dul isteach sa mhargadh.

(5) D'fhonn maoiniú stuama a áirithiú chun cuspóirí na bpleananna iompair phoiblí a bhaint amach, is gá do na húdaráis inniúla oibleagáidí seirbhíse poiblí a dhearadh chun cuspóirí iompair phoiblí a bhaint amach ar bhealach atá éifeachtúil ó thaobh costais de, ag tógáil an cúiteamh don iarmhairt ghlan airgeadais a bheidh ag na hoibleagáidí sin san áireamh, agus is gá dóibh inbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadais an iompair phoiblí arna chur ar fáil faoi chonarthaí seirbhíse poiblí a áirithiú.

(6) Tá sé thar a bheith tábhachtach go gcomhlíonfadh na húdaráis áitiúla na critéir seo maidir le hoibleagáidí seirbhíse poiblí agus raon feidhme na gconarthaí seirbhíse poiblí le go bhfeidhmeoidh an margadh d'iompar poiblí paisinéirí d'iarnród go réidh, mar gur ghá oibríochtaí iompair le rochtain oscailte a chomhordú go maith le seirbhísí iompair ar conradh seirbhíse poiblí. Ar an gcúis sin, ba cheart don chomhlacht neamhspleách rialála iarnróid a áirithiú go gcuirfear an próiseas seo i bhfeidhm i gceart agus go mbeidh sé trédhearcach.

(7) Is gá uasteorainn bhliantúil conartha seirbhíse poiblí d'iompar paisinéirí d'iarnród a shocrú chun iomaíocht a éascú do chonarthaí den sórt sin agus solúbthacht áirithe a fhágáil ag na húdaráis inniúla ag an am céanna chun an líon paisinéirí a bharrfheabhsú bunaithe i gcomhréir le dálaí eacnamaíocha agus oibríochtúla.

(8) Chun ullmhú tairiscintí a éascú, agus iomaíocht a fheabhsú dá réir sin, tá sé tábhachtach go n-áiritheoidh údaráis inniúla go bhfaighidh gach oibreoir seirbhíse poiblí ar suim leo tairiscint a sheoladh isteach faisnéis áirithe maidir leis na seirbhísí iompair agus an bonneagar a chumhdaítear faoin gconradh seirbhíse poiblí.

(9) Is gá uasteorainneacha áirithe chun conarthaí seirbhíse poiblí d'iompar iarnróid a bhronnadh go díreach a chur in oiriúint do na dálaí eacnamaíocha ar leith faoinar eagrófar nósanna imeachta tairisceana san earnáil seo.

(10) Chun Margadh Inmheánach do sheirbhísí iompair do phaisinéirí d'iarnród a bhunú, tá rialacha comhchoiteanna maidir le córas tairiscintí iomaíocha le haghaidh conarthaí seirbhíse poiblí de dhíth san earnáil seo a chuirfear i bhfeidhm ar bhealach comhchuibhithe i ngach Ballstát.

(11) I bhfianaise dálaí creata a chruthú le cur ar chumas na sochaí leas iomlán a bhaint as na tairbhí a eascraíonn as oscailt éifeachtach mhargadh na seirbhísí intíre iompair do phaisinéirí d'iarnród, is gá do Bhallstáit leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta a áirithiú d'fhoireann na n-oibreoirí seirbhíse poiblí.

(12) I gcásanna nach ndéanann an margadh rochtain na n-oibreoirí seirbhíse poiblí ar rothra iarnróid a áirithiú faoi dhálaí eacnamaíocha oiriúnacha neamh-idirdhealaitheacha, is gá do na húdaráis inniúla an rochtain sin a éascú le bearta leordhóthanacha éifeachtacha.

(13) Is gá roinnt príomhghnéithe de nósanna imeachta tairisceana do chonarthaí seirbhíse poiblí atá ag teacht aníos a bheith iomlán trédhearcach le go n-eagrófar freagairt níos fearr sa mhargadh.

(14) I gcomhréir le loighic inmheánach Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007, ba cheart a dhéanamh soiléir nach bhfuil an idirthréimhse go dtí an 2 Nollaig 2019 ag tagairt ach don oibleagáid nósanna imeachta tairisceana iomaíocha a eagrú do chonarthaí seirbhíse poiblí agus don oibleagáid sin amháin.

(15) Le gnóthais iarnróid a ullmhú do chóras éigeantach tairiscintí iomaíocha na gconarthaí seirbhíse poiblí, beidh roinnt ama breise de dhíth chun athstruchtúrú éifeachtach

inbhuanaithe inmheánach a dhéanamh ar chuideachtaí ar bronnadh conarthaí den sórt sin orthu go díreach roimhe seo. Tá bearta idirthréimhseacha riachtanach dá bhrí sin le haghaidh conarthaí a bhronnfar go díreach idir dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus an 3 Nollaig 2019.

(16) Tar éis margadh na seirbhísí intíre iompair do phaisinéirí d'iarnród a oscailt, os rud é go bhféadfadh sé go mbeidh ar údaráis inniúla bearta a ghlacadh chun leibhéal ard iomaíochta a áirithiú trí theorainn a chur le líon na gconarthaí a bhronnfar ar aon ghnóthas iarnróid amháin, ba cheart forálacha leordhóthanacha a dhéanamh.

(17) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh cur chun feidhme Airteagal 5a den Rialachán seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus prionsabail ghinearálta a bhaineann le meicníochtaí le haghaidh rialú na mBallstát ar fheidhmiú a chumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún[10].

(18) I gcomhthéacs na leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 994/98 (An Rialachán Cumasúcháin)[11], mhol an Coimisiún leasú freisin ar Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 (COM(2012) 730/3). D'fhonn an cur chuige i leith rialacháin bhlocdhíolúine a chomhchuibhiú i réimse na Státchabhrach agus, i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 108(4) agus Airteagal 109 den Chonradh, ba cheart cabhair chun comhordú a dhéanamh ar iompar nó aisíocaíocht chun oibleagáidí áirithe a chomhlíonadh a bhaineann go dlúth le coincheap na seirbhíse poiblí dá dtagraítear in Airteagal 93 den Chonradh a thabhair faoi raon feidhme an Rialacháin Chumasúcháin.

(19) Ba cheart, da bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) d'Airteagal 2:

"(c) ciallaíonn "údarás áitiúil inniúil" aon údarás inniúil le réimse geografach inniúlachta nach réimse náisiúnta é agus a chumhdaíonn na riachtanais iompair atá ag ceirtleán uirbeach nó ag ceantar tuaithe;"

b) Is comhlánú ar phointe (e) d'Airteagal 2 an méid seo a leanas:

"Eisiafar ó raon feidhme na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí gach seirbhís iompair phoiblí a théann tar a bhfuil gá leis chun iarmhairtí áitiúla, réigiúnacha nó fo-náisiúnta gréasáin a bhaint amach.

2. Cuirtear isteach Airteagal 2a seo a leanas:

"Airteagal 2a

[10] IO L 55, 28.2.2011, lch 13

[11] Togra le haghaidh RIALACHÁIN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 994/98 ón gComhairle an 7 Bealtaine 1998 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 92 agus Airteagal 93 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh i leith catagóirí áirithe státchabhrach cothrománaí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar, COM(2012) 730 final an 5.12.2012

Pleananna iompair phoiblí agus oibleagáidí seirbhíse poiblí

1. Bunóidh údaráis inniúla pleananna iompair phoiblí do phaisinéirí a chumhdóidh gach mód iompair ábhartha don chríoch a bhfuil freagracht acu aisti agus tabharfaidh siad na pleananna sin bord ar bord leis an aimsir go rialta. Saineofar sna pleananna iompair phoiblí sin cuspóirí an bheartais iompair phoiblí agus na modhanna lena gcuirfear chun feidhme iad a chumhdóidh gach mód iompair ábhartha don chríoch a bhfuil freagracht ag an údarás aisti. Cuimseoidh siad na nithe seo a leanas ar a laghad:

   (a) struchtúr an ghréasáin nó na mbealaí;

   (b) buncheanglais atá le comhlíonadh ag tairiscint iompair phoiblí cosúil le hinrochtaineacht, nascacht chríochach, slándáil, idirnaisc mhódacha agus idirmhódacha ag na príomh-mhoil nascachta, tréithe na tairisceana cosúil le huaireanta oibríochta, minicíocht na seirbhísí agus íosmhéid úsáide acmhainne.

   (c) caighdeáin cháilíochta a bhaineann le míreanna cosúil le gnéithe an trealaimh ag stadanna agus ar rothra, poncúlacht agus iontaofacht, glaineacht, seirbhís agus faisnéis do chustaiméirí, láimhseáil na ngearán agus cúiteamh, faireachán ar cháilíocht na seirbhíse;

   (d) prionsabail a bhaineann leis an mbeartas taraife;

   (e) ceanglais oibríochtúla cosúil le rothair a iompar, bainistíocht tráchta, plean teagmhasach i gcás ina gcuirtear isteach ar an tseirbhís.

Agus pleananna iompair poiblí á mbunú acu, féachfaidh na húdaráis áitiúla go háirithe ar rialacha is infheidhme maidir le cearta paisinéirí agus cosaint shóisialta, fostaíochta agus an chomhshaoil.

Glacfaidh na húdaráis inniúla na pleananna iompair phoiblí i ndiaidh comhairliúcháin le geallsealbhóirí ábhartha agus foilseofar iad. Chun críche an Rialacháin seo, cuimseofar oibreoirí iompair, bainisteoirí bonneagair más cuí agus eagraíochtaí ionadaíocha paisinéirí agus fostaithe ar a laghad i measc na ngeallsealbhóirí a bheidh le tógáil san áireamh.

2. Beidh na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a bhunófar agus na conarthaí seirbhíse poiblí a bhronnfar ag teacht leis na pleananna iompair phoiblí is infheidhme.

3. Bunófar sonraíochtaí na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí d'iompar poiblí paisinéirí agus an raon feidhme maidir lena gcur i bhfeidhm mar seo a leanas:

   (a) saineofar iad i gcomhréir le hAirteagal 2 (e);

   (b) beidh siad iomchuí chun cuspóirí an phlean iompair phoiblí a bhaint amach;

   (c) ní rachaidh siad thar a bhfuil riachtanach agus comhréireach chun cuspóirí an phlean iompair phoiblí a bhaint amach.

Sa mheasúnú ar iomchuibheas dá dtagraítear i bpointe (b) tógfar san áireamh an modh oiriúnach é idirghabháil phoiblí i ndáil le hiompar paisinéirí a sholáthar oiriúnach chun cuspóirí na bpleananna iompair phoiblí a bhaint amach.

Maidir le hiompar poiblí paisinéirí d’iarnród, sa mheasúnú ar a bhfuil riachtanach agus comhréireach dá dtagraítear i bpointe (c), tógfar san áireamh na seirbhísí iompair arna soláthar faoi Airteagal 10(2) den Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na

hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar aonair iarnróid Eorpach (athmhúnlú)[12] agus cuirfear san áireamh freisin an fhaisnéis uile a thugtar do na bainisteoirí bonneagair agus do na comhlachtaí rialála de bhun na chéad abairte d'Airteagal 38(4) den Treoir sin.

4. Déanfaidh sonraíochtaí na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí agus an cúiteamh gaolmhar ar a n-iarmhairt ghlan airgeadais an méid seo a leanas:

(d) cuspóirí an phlean iompair phoiblí a bhaint amach ar an mbealach is éifeachtúla ó thaobh costais de;

(e) soláthar an iompair phoiblí do phaisinéirí a chothabháil ó thaobh an airgeadais de i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha síos sa phlean iompair phoiblí go fadtéarmach.

5. Agus na sonraíochtaí á n-ullmhú acu, leagfaidh an t-údarás inniúil doiciméadú amach dréachtshonraíochtaí na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí agus a raon feidhme, na bunchéimeanna maidir le measúnú a dhéanamh ar na hoibleagáidí a bheith ag comhlíonadh na gceanglas atá leagtha síos i mír 2, mír 3 agus i mír 4 agus torthaí an mheasúnaithe.

Rachaidh an t-údarás inniúil i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear, ar a laghad, oibreoirí iompair, bainisteoirí bonneagair más cuí agus eagraíochtaí ionadaíocha paisinéirí agus fostaithe, ar bhealach oiriúnach i ndáil leis na sonraíochtaí seo agus cuirfidh sé a seasamh san áireamh.

6. I gcás iompair phoiblí paisinéirí d'iarnród:

(f) áiritheoidh an comhlacht rialála a shainítear in Airteagal 55 den Treoir 2012/34/AE go bhfuil an measúnú agus an nós imeachta atá leagtha amach in Airteagal 55 ag comhlíonadh fhorálacha an Airteagal seo, lena n-áirítear ar a thionscnamh féin.

(g) is é an luach is airde idir 10 milliún km-traenach agus aon trian de mhéid iomlán náisiúnta an iompair phoiblí paisinéirí faoi chonradh seirbhíse poiblí an t-uasmhéid bliantúil a bheidh ar chonradh seirbhíse poiblí i dtéarmaí km-traenach."

3. Leasaítear Airteagal 4 mar seo a leanas:

(b) I mír 1, cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) na hoibleagáidí seirbhíse poiblí atá leagtha síos in Airteagal 2(e) agus in Airteagal 2a atá le comhlíonadh ag an oibreoir seirbhíse poiblí, agus na limistéir gheografacha lena mbaineann, a shainiú go soiléir;"

(c) San abairt dheireanach de mhír 1, cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"I gcás conarthaí seirbhíse poiblí nach mbronntar i gcomhréir le hAirteagal 5(3), cinnfear na paraiméadair seo sa chaoi is nach féidir le haon íocaíocht cúitimh a bheith níos mó ná an méid atá de dhíth chun an iarmhairt ghlan airgeadais ar chostais arna dtabhú agus ar ioncam arna ghiniúint i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí a chumhdach, ag tógáil ioncam bainteach arna choinneáil ag an oibreoir seirbhíse poiblí agus brabús réasúnta san áireamh;"

(d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

[12] IO L 343 an 14.12.2012, lch 32

"I gcás ina gceanglaíonn údaráis inniúla, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ar oibreoirí seirbhíse caighdeáin áirithe cháilíochta agus shóisialta a chomhlíonadh nó critéir shóisialta agus cháilíochtúla a bhunú, beidh na caighdeáin agus na critéir sin san áireamh sna doiciméid tairisceana agus sna conarthaí seirbhíse poiblí."

(e) Cuirtear isteach mír 8 seo a leanas:

"8. Déanfaidh údaráis inniúla faisnéis ábhartha maidir le tairiscint a ullmhú faoi nós imeachta tairisceana iomaíoch a chur ar fáil do gach páirtí leasmhar. Cuimseofar sa mhéid seo faisnéis maidir le héileamh ó phaisinéirí, táillí, costais agus ioncaim a bhaineann leis an iompar poiblí paisinéirí arna chumhdach ag an tairiscint agus sonraí faoi shonraíochtaí bonneagair atá ábhartha chun na feithiclí nó an rothra atá riachtanach a oibriú, le cur ar a gcumas pleananna gnó eolasacha a dhréachtú. Tacóidh bainisteoirí bonneagair iarnróid le húdaráis inniúla chun na sonraíochtaí bonneagair ábhartha go léir a sholáthar. Beidh neamhchomhlíonadh na bhforálacha atá leagtha amach thuas faoi réir an athbhreithnithe dhlíthiúil dá bhforáiltear in Airteagal 5(7)."

4. Leasaítear Airteagal 5 mar seo a leanas:

(f) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Mura dtoirmiscfear sin leis an dlí náisiúnta, féadfaidh údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh conarthaí seirbhíse poiblí a bhronnadh go díreach:

(a) má mheastar go bhfuil a meánluach bliantúil: níos lú ná EUR 1 000 000, nó níos lú ná EUR 5 000 000 i gcás conartha seirbhíse poiblí ina gcuimsítear iompar poiblí d'iarnróid nó,

(b) má bhaineann siad le soláthar bliantúil de níos lú ná 300 000 ciliméadar de sheirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí, nó níos lú ná 150 000 ciliméadar i gcás conartha seirbhíse poiblí ina gcuimsítear iompar poiblí d'iarnróid.

I gcás conartha seirbhíse poiblí arna bhronnadh go díreach d'fhiontar beag nó meánmhéide nach mó ná 23 an líon feithiclí bóthair a bheidh á n-úsáid aige, féadfar na tairseacha sin a mhéadú go dtí meánluach bliantúil a mheastar a bheith níos lú ná EUR 2 000 000 nó go soláthar bliantúil seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí atá níos lú ná 600 000 ciliméadar."

(g) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"Féadfaidh údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh go mbronnfar conarthaí d'iompar poiblí paisinéirí d’iarnród a chumhdóidh codanna den ghréasán céanna nó pacáiste bealaí ar ghnóthais dhifriúla iarnróid, ar mhaithe le hiomaíocht a mhéadú i measc gnóthas iarnróid. Chuige sin, féadfaidh na húdaráis inniúla cinneadh a dhéanamh sula seolfar an nós imeachta tairisceana teorainn a chur le líon na gconarthaí a bhronnfar ar aon ghnóthas iarnróid amháin."

5. Cuirtear isteach Airteagal 5a seo a leanas:

"Airteagal 5a

Rothra

1. Déanfaidh na Ballstáit, i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair, gach beart is gá le rochtain éifeachtach neamh-idirdhealaitheach ar rothra a bheidh oiriúnach d'iompar poiblí paisinéirí d’iarnród a áirithiú d'oibreoirí ar mian leo

seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród a sholáthar faoi chonradh seirbhíse poiblí.

2. I gcásanna nach bhfuil cuideachtaí léasaithe rothra ann sa mhargadh ábharta óna féidir le gach oibreoir seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród lena mbainneann rothra dá dtagraítear i mír 1 a léasú faoi dhálaí neamh-idirdhealaitheacha agus inmharthana ó thaobh tráchtála, áiritheoidh Ballstáit go nglacfaidh an t-údarás inniúil riosca luacha iarmharaigh an rothra chucu féin, i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair, i gcás ina n-iarrfaidh oibreoirí a bhfuil sé i gceist acu a bheith rannpháirteach i nósanna imeachta tairisceana do chonarthaí seirbhíse poiblí, agus atá in ann a bheith rannpháirteach sna nósanna imeachta sin, an méid sin a dhéanamh le go mbeidh siad in ann a bheith rannpháirteach iontu.

Féadfaidh an t-údarás inniúil an ceanglas atá leagtha amach sa chéad fhomhír a chomhlíonadh ar cheann amháin de na bealaí seo a leanas:

(a) tríd an rothra a úsáidtear chun an conradh seirbhíse poiblí a chomhlíonadh a fháil é féin d'fhonn é a chur ar fáil don oibreoir seirbhíse poiblí roghnaithe ar phraghas an mhargaidh nó mar chuid den chonradh seirbhíse poiblí de bhun Airteagal 4(1)(b), Airteagal 6 agus, más infheidhme, na hIarscríbhinne,

(b) trí ráthaíocht a sholáthar maidir le maoiniú an rothra a úsáidtear chun an conradh seirbhíse poiblí a chomhlíonadh ar phraghas an mhargaidh nó mar chuid den chonradh seirbhíse poiblí de bhun Airteagal 4(1)(b), Airteagal 6 agus, más infheidhme, na hIarscríbhinne. Féadfaidh ráthaíocht den sórt sin an riosca luacha iarmharaigh a chumhdach agus na rialacha ábhartha maidir le státchabhair a urramú más infheidhme iad,

(c) trí thiomantas a thabhairt sa chonradh seirbhíse poiblí seilbh a ghlacadh ar an rothra ag deireadh an chonartha ar phraghas an mhargaidh.

Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c), beidh sé de cheart ag an údarás inniúil a chur de cheangal ar an oibreoir seirbhíse poiblí an rothra a aistriú chuig an oibreoir nua a mbronnfar conradh air nuair a imeoidh an conradh seirbhíse poiblí in éag. Féadfaidh an t-údarás inniúil iallach a chur ar an oibreoir iompair phoiblí nua seilbh a ghlacadh ar an rothra. Déanfar an t-aistriú ag rátaí an mhargaidh.

3. Má dhéantar an rothra a aistriú chuig oibreoir iompair phoiblí nua, cuirfidh an t-údarás inniúil faisnéis mhionsonraithe ar fáil sna doiciméid tairisceana faoi chostas cothabhála an rothra agus faoin riocht fisiciúil atá air.

4. Faoi [18 mí tar éis dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] glacfaidh an Coimisiún bearta ina leagfar amach sonraí an nós imeachta a bheidh le leanúint chun mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9a(2)."

6. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6 mír 1:

"1. Beidh gach cúiteamh a bhainfidh le riail ghinearálta nó le conradh seirbhíse poiblí na forálacha i gcomhréir le hAirteagal 4, is cuma conas a dámhadh an conradh. Beidh gach cúiteamh, cibé cineál é, a bhainfidh le conradh seirbhíse poiblí nach

mbronntar go díreach i gcomhréir le hAirteagal 5(3) nó nach mbaineann le riail ghinearálta i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn freisin. "

7. Leasaítear Airteagal 7 mar seo a leanas:

(h) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Uair amháin sa bhliain, poibleoidh gach údarás inniúil tuarascáil chomhiomhlán maidir leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a bhfuil sé freagrach astu, dáta tosaigh agus fad na gconarthaí seirbhíse poiblí, na hoibreoirí seirbhíse poiblí a roghnaíodh agus na híocaíochtaí cúitimh agus na cearta eisiacha a bronnadh ar na hoibreoirí seirbhíse poiblí sin trí bhíthin aisíocaíochta. Déanfar idirdhealú sa tuarascáil idir iompar de bhus agus iompar d’iarnród agus agus is féidir faireachán agus measúnú ar fheidhmiú, ar cháilíocht agus ar mhaoiniú an ghréasáin iompair phoiblí a dhéanamh léi, agus más cuí, cuirfear faisnéis ar fáil inti maidir le cineál agus réim aon chearta eisiacha a dheonaítear. Éascóidh na Ballstáit rochtain lárnach ar na tuarascálacha seo, mar shampla le tairseach gréasáin comhchoiteann."

(i) I mír 2, cuirfear pointe seo a leanas isteach:

"(d) an dáta tosaigh agus an fad atá beartaithe don chonradh seirbhíse poiblí."

8. Leasaítear Airteagal 8 mar seo a leanas:

(j) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhír de mhír 2:

"2. Gan dochar do mhír 3, comhlíonfaidh bronnadh na gconarthaí seirbhísí poiblí d'iarnród seachas móid eile bunaithe ar ráillí amhail meitreo nó trambhealaí le hAirteagal 5(3) ón 3 Nollaig 2019 ar aghaidh. Ní mór gach conradh seirbhíse poiblí le móid eile atá bunaithe ar ráillí agus ar bhóthar a bheith bronnta i gcomhréir le hAirteagal 5(3) faoin 3 Nollaig 2019 ar a dhéanaí. I rith na hidirthréimhse a rithfidh go dtí an 3 Nollaig 2019, glacfaidh na Ballstáit bearta chun Airteagal 5(3) a chomhlíonadh de réir a chéile d'fhonn fadhbanna struchtúracha tromchúiseacha a sheachaint, go háirithe a mhéid a bhaineann le toilleadh iompair."

(k) Cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:

"2a. Féadfar conarthaí seirbhíse poiblí d'iompar poiblí paisinéirí d’iarnród a bhronnfar go díreach idir an 1 Eanáir 2013 agus an 2 Nollaig 2019 leanúint ar aghaidh go dtí a ndáta éaga. Ní leanfaidh siad ar aghaidh tar éis an 31 Nollaig 2022 in aon chás áfach."

(l) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deireanaí den dara fomhír de mhír 3:

"Féadfaidh na conarthaí dá dtagraítear in (d) leanúint go dtí go rachaidh siad in éag, ar choinníoll go mbeidh ré theoranta acu ar aon dul leis na réanna a shonraítear in Airteagal 4."

9. "Cuirtear isteach Airteagal 9a seo a leanas:

Airteagal 9a

Nós imeachta coiste

1. Beidh Coiste an Limistéir Aonair Eorpaigh Iarnróid a bunaíodh faoi Airteagal 62 den Treoir 2012/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar aonair iarnróid

Eorpach (athmhúnlú)[13] de chúnamh ag an gCoimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011."

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

13 IO L 343 an 14.12.2012, lch 32